An Coimisiún Reifrinn

Treoir

Neamhspleách

maidir leis na Reifrinn

ar an Seanad agus ar an gCúirt Achomhairc

4 Deireadh Fómhair

Tá tuilleadh eolais le fáil ar
referendum2013.ie

An Coimisiún Reifrinn

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún Reifrinn a bunaíodh faoi Acht an Reifrinn 1998. Is í an Breitheamh Elizabeth Dunne an Cathaoirleach ar an gCoimisiún. Is iad seo a leanas na baill eile den Choimisiún: Kieran Coughlan, iar-Chléireach Dháil Éireann; Deirdre Lane, Cléireach Sheanad Éireann; Seamus McCarthy, an tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Emily O'Reilly, an tOmbudsman.

An Coimisiún Reifrinn

An Coimisiún Reifrinn
18 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2, Éire.

Teileafón: 01 639 5695
Íosghlao: 1890 270970
Ríomhphost: refcom@refcom.gov.ie
Gréasán: www.referendum2013.ie
Twitter: @RefComm2013

Tá an foilseachán seo ar fáil i mBraille, ar dhlúthdhiosca agus i gcló mór ó NCBI. Tá sé ar fáil freisin i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann ar shuíomh gréasáin Chumann Bodhar na hÉireann (irishdeafsociety.ie) agus ar DeafHear.ie

Curtha i gcló in Éirinn ar pháipéar arna fhoinsiú ó fhoraoisí atá bainistithe ar bhonn inbhuanaithe.

Fáilte

Dé hAoine, an 4 Deireadh Fómhair, beidh an deis agat vótáil in dhá reifreann le go n-athrófaí Bunreacht na hÉireann:

- I reifreann amháin iarrfar ort breith a thabhairt i dtaobh ar chóir nó nár chóir deireadh a chur le Seanad Éireann.
- Sa reifreann eile iarrfar ort breith a thabhairt ar chóir nó nár chóir Cúirt Achomhairc nua a bhunú agus athruithe eile a dhéanamh ar chóras na gCúirteanna.

Is é ról an Choimisiúin Reifrinn eolas neamhchlaonta, neamhspleách a chur ar fáil duitse. Nílimid ag moladh duit tacú le rún an reifrinn ná cur ina choinne. Níl i gceist againn ach na fíricí maidir lena bhfuil á mholadh a chur i láthair an phobail.

Nuair a rachaidh tú chuig an ionad vótála an 4 Deireadh Fómhair, tabharfar dhá pháipéar ballóide ar leith duit: ceann bán don reifreann ar an Seanad agus ceann uaine don reifreann ar an gCúirt Achomhairc. **Is féidir leat Tá nó Níl a vótáil maidir leis an dá mholadh**. Táimid ag tathant ort an dá pháipéar ballóide a líonadh.

Sa bhileog eolais seo, a bheidh á cur chuig gach teach sa Stát, tá míniú achomair, ginearálta ar a bhfuil á mholadh sa dá reifreann. Is féidir teacht ar mhíniú mionsonraithe agus ar eolas cúlra ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Reifrinn **referendum2013.ie**.

Is ortsa atá sé beartú ar conas a vótálfaidh tú agus tá sé tábhachtach go vótálfaidh tú. Is leatsa an Bunreacht agus is féidir leatsa beartú é a athrú nó gan é a athrú. Bí cinnte go gcuirfear do thuairimí san áireamh trí vótáil an 4 Deireadh Fómhair.

Elizabeth Dunne
Cathaoirleach
An Coimisiún Reifrinn

referendum2013.ie

An Reifreann ar Sheanad Éireann

A bhfuil á mholadh sa reifreann ar an Seanad

Sa reifreann seo, **is féidir leat Tá nó Níl a vótáil** maidir leis an moladh deireadh a chur le Seanad Éireann.

I gcás go rithfear an reifreann seo:

- Bainfear as an mBunreacht na hairteagail sin a dhéileálann go heisiach leis an Seanad. Bainfear gach tagairt sa Bhunreacht do “Thithe an Oireachtais” nó do “cheachtar de Thithe an Oireachtais” agus cuirfear “Dáil Éireann” ina n-ionad.
- Cuirfear deireadh leis an Seanad an lá sula dtagann an Dáil le chéile tar éis na chéad olltoghcháin eile. Beidh an Seanad atá ann faoi láthair i bhfeidhm go dtí sin.

I gcás nach rithfear an reifreann seo:

- Ní athrófar seasamh bunreachtúil an tSeanaid.

Ról an tSeanaid

Faoi láthair, is é príomhról an tSeanaid páirt a ghlacadh sa phróiseas déanta dlíthe. Tá roinnt feidhmeanna eile aige atá sonraithe sa Bhunreacht.

Dlíthe a Dhéanamh

Faoi láthair, cuimsítear san Oireachtas (Parlaimint Náisiúnta na hÉireann) an tUachtarán, an Dáil agus an Seanad. Is iad an Dáil agus an Seanad Tithe an Oireachtais. Is é an tOireachtas a dhéanann dlíthe na tíre.

Tugtar Billí ar dhlíthe atá molta. Chun go ndéanfaí dlí de bhille, is gá don Dáil agus don Seanad glacadh leis agus ansin is gá don Uachtarán a lámh a chur leis. Ansin, athraíonn an Bille ina Acht.

Tosaíonn an próiseas déanta dlíthe ginearálta tráth a gcuirtear Bille faoi bhráid na Dála nó an tSeanaid. Is féidir le baill de gach Teach athruithe ar an mBille a mholadh. Tá de chumhacht ag an Seanad moill suas le 90 lá a chur le Bille ach níl de chumhacht aige cosc a chur le hachtú an Bhille sin nó an Bille sin a athrú, mura n-aontaíonn an Dáil leis.

I gcás go rithfear an reifreann seo:

- Ní bheidh san Oireachtas as sin amach ach an tUachtarán agus an Dáil.
- Déanfar dlí de Bhille i gcás go nglacfaidh an Dáil leis agus go gcuirfidh an tUachtarán a lámh leis.

Billí Airgid

Tá de chumhacht ag an Uachtarán Billí a tharchur chuig an gCúirt Uachtarach chun breith a thabhairt ar cibé acu an bhfuil siad bunreachtúil nó nach bhfuil, ach amháin i gcás Billí Airgid.

Tá Billí Airgid éagsúil ó Bhillí eile:

- Go bunúsach, ní dhéileálann na Billí seo ach le cúrsaí airgeadais phoiblí, mar shampla, cúrsaí cánachais.
- Is gá dóibh tosú sa Dáil.
- Is gá don Seanad na Billí sin a bhreithniú ach ní ceadmhach don Seanad athruithe a dhéanamh orthu; féadfaidh an Seanad moltaí a dhéanamh laistigh de thréimhse 21 lá agus féadfaidh an Dáil glacadh leis na hathruithe sin nó diúltú dóibh.
- Ní féidir leis an Seanad moill a chur le hachtú Billí Airgid.

Tá forálacha sa Bhunreacht a thugann cead don Seanad a rá nach bhfuil Bille ina Bhille Airgid.

I gcás go rithfear an reifreann seo:

- Is ar an Dáil amháin a bheidh an fhreagracht a chinneadh cibé an bhfuil Bille ina Bhille Airgid nó nach bhfuil.

Billí a chur faoi bhreith an Phobail

Foráiltear sa Bhunreacht gur féidir Billí a chur faoi bhreith an phobail trí reifreann i gcás go bhfuil tromlach de bhaill an tSeanaid agus líon nach lú ná trian de Bhaill na Dála den tuairim go bhfuil tábhacht shuntasach náisiúnta ag baint le Bille agus gur gá iarraidh ar an Uachtarán gan a lámh a chur leis agus é a chur faoi bhreith an phobail sula ndéanfar dlí de. Féadfaidh an tUachtarán glacadh leis an iarratas sin nó diúltú dó.

I gcás go rithfear an reifreann seo:

- Bainfear ón mBunreacht an deis seo ag an Uachtarán Billí a chur faoi bhreith an phobail.

Moltaí áirithe ón Aontas Eorpach a cheadú

Faoi láthair, féadfaidh Éire dlíthe agus cinnidh áirithe ón Aontas Eorpach a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm – mar shampla, i réimsí amhail ceartas, saorghluaiseacht daoine, leasuithe áirithe ar chonarthaí ón Aontas Eorpach – ach ní féidir seo a dhéanamh gan cead a fháil roimh ré ón Dáil agus ón Seanad.

I gcás go rithfear an reifreann seo:

- Ní bheidh gá ach le cead ón Dáil chun go nglacfaí leis na dlíthe agus na cinnidh sin ón Aontas Eorpach.

Éigeandáil Náisiúnta

Tá de chumhacht ag an Oireachtas dlíthe a rith ar mhaithe le sábháilteacht an phobail agus chun an Stát a chosaint tráth cogaidh nó tráth éirithe amach faoi airm. Ní féidir agóid in aghaidh na ndlíthe seo sna Cúirteanna ar an mbonn nach bhfuil siad bunreachtúil.

I gcás go bhfuil cogadh ar siúl nach bhfuil an Stát páirteach ann, féadtar dlíthe mar seo a rith ar an gcoinníoll gur bheartaigh an Dáil agus an Seanad go bhfuil éigeandáil náisiúnta ann, ag eascairt ón gcogadh, atá ag dul i bhfeidhm ar leasa ríthábhachtacha an Stáit.

I gcás go rithfear an reifreann seo:

- Is ag an Dáil amháin a bheidh an chumhacht dlíthe maidir le héigeandáil náisiúnta a rith agus a chinneadh go bhfuil éigeandáil náisiúnta ann.

Feidhmeanna eile an tSeanaid

Ainmniúcháin do phost an Uachtaráin

Faoi láthair, féadfaidh 20 ball den Dáil agus den Seanad iarrthóir a ainmniú le haghaidh thoghchán an Uachtaráin.

I gcás go rithfear an reifreann seo:

- Beidh 14 bhall den Dáil in ann an t-ainmniúchán sin a iarrthóir a ainmniú le haghaidh thoghchán an Uachtaráin.

Coimisiún an Uachtaráin

Is foras é Coimisiún an Uachtaráin a ghlacann air féin dualgais an Uachtaráin i gcás go bhfuil an tUachtarán as láthair nó i gcás nach bhfuil sé nó sí in ann feidhmiú ina ról ar chúiseanna éagsúla. Faoi láthair, is iad an Príomh-Bhreitheamh, an Ceann Comhairle (Cathaoirleach na Dála) agus Cathaoirleach an tSeanaid baill an Choimisiúin.

I gcás go rithfear an reifreann seo:

- Is é nó is í an Leas-Cheann Comhairle (Leas-Chathaoirleach na Dála) a bheidh ar an gCoimisiún in ionad Chathaoirleach an tSeanaid.

An Chomhairle Stáit

Is foras comhairleach í an Chomhairle Stáit a chuireann comhairle ar an Uachtarán. Faoi láthair, tá Cathaoirleach an tSeanaid i measc a ball.

I gcás go rithfear an reifreann seo:

- Is é nó is í an Leas-Cheann Comhairle a bheidh ar an gComhairle in ionad Chathaoirleach an tSeanaid.

Baill an Rialtais

Faoi láthair, féadfaidh líon nach mó ná beirt airí rialtais bheith ina mbaill den Seanad. Is gá do na hairí eile go léir bheith ina mbaill den Dáil.

I gcás go rithfear an reifreann seo:

- Beidh ar gach aire bheith ina bhall nó ina ball den Dáil.

An tUachtarán a Chur as Oifig

Féadfar an tUachtarán a tháinseamh de dheasca mí-iompar sonraithe. Ciallaíonn sé sin go bhféadfar é nó í a chúiseamh go foirmiúil. Féadfaidh an próiseas tosú sa Dáil nó sa Seanad. Tá gá le síniú líon nach lú ná 30 ball de cheann de na Tithe chun tacú le moladh an tUachtarán a tháinseamh. Féadfar glacadh leis an moladh sin má tá tacaíocht faighte ó líon nach lú ná dhá thrian de bhaill an Tí. I gcás go nglacfaidh Teach amháin leis, déanfaidh an Teach eile na cúisimh i gcoinne an Uachtaráin a imscrúdú. I gcás go gcinnfidh líon nach lú ná dhá thrian de bhaill an Tí eile go bhfuil na cúisimh bailí, cuirfear an tUachtarán as Oifig.

I gcás go rithfear an reifreann seo:

- Is í an Dáil a dhéileálfaidh le táinseamh an Uachtaráin. Bheadh gá le síniú ó líon nach lú ná 30 ball den Dáil chun tacú le moladh an tUachtarán a tháinseamh, agus chun glacadh leis an moladh sin bheadh gá comhaontú a fháil ó líon nach lú ná ceithre chúigiú de bhaill na Dála. Ansin dhéanfadh an Dáil imscrúdú ar na cúisimh i gcoinne an Uachtaráin agus chuirfí é nó í as oifig i gcás go n-aontódh ceithre chúigiú dá bhaill leis sin.

Breithiúna a Chur as Oifig

Ní féidir breithiúna na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte a chur as oifig de dheasca mí-iompair nó míthreorach a luafar ach amháin má dhéanann tromlach simplí de bhaill na Dála agus an tSeanaid rún a rith chuige sin.

I gcás go rithfear an reifreann seo:

- Beifear in ann breithiúna a chur as oifig de dheasca mí-iompair nó míthreorach a luafar i gcás go gcinnfidh líon nach lú ná dhá thrian de bhaill na Dála é sin a dhéanamh.

An tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste a Chur as Oifig

Is ionann na socruithe atá ann faoi láthair chun an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste a chur as oifig agus na socruithe atá ann chun breithiúna a chur as oifig.

I gcás go rithfear an reifreann seo:

- D'athródh na socruithe chun an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste a chur as oifig ar an gcaoi chéanna is a d'athródh na socruithe chun breithiúna a chur as oifig.

An Reifreann ar an gCúirt Achomhairc

A bhfuil á mholadh sa reifreann ar an gCúirt Achomhairc

Sa reifreann seo, is féidir leat Tá nó Níl a vótáil maidir leis an moladh:

- Cúirt Achomhairc a bhunú agus
- athrú a dhéanamh ar an gcaoi a n-eisíonn an Chúirt Uachtarach breitheanna i gcásanna ina n-iarrtar ar an gcúirt sin breith a thabhairt ar cibé acu an bhfuil dlí bunreachtúil nó nach bhfuil (riail an aon bhreithiúnais amháin).

Córas na gCúirteanna

Faoi láthair seo mar a sheasann córas na gCúirteanna:

- an Chúirt Uachtarach (an chúirt is airde)
- an Ard-Chúirt
- an Chúirt Chuarda
- an Chúirt Dúiche (an chúirt is ísle)

Tá Cúirt Achomhairc Choiriúil ann chomh maith a éisteann cásanna coiriúla ón Ard-Chúirt, ón gCúirt Chuarda agus ón gCúirt Choiriúil Speisialta. Tá róil na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí sonraithe sa Bhunreacht.

I gcás go rithfear an reifreann seo:

- Bunófar Cúirt nua – An Chúirt Achomhairc – ar leibhéal idir an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach.

Cad a dhéanfadh an Chúirt Achomhairc atá molta?

Tá moilleanna fada i láthair na huaire ar éisteacht cásanna sa Chúirt Uachtarach.

I gcás go rithfear an reifreann seo, éistfidh an Chúirt Achomhairc nua:

- formhór na n-achomharc a éisteann an Chúirt Uachtarach faoi láthair
- beagnach gach achomharc ar bhreitheanna na hArd-Chúirte
- achomhairc ó chúirteanna eile i gcás go rithfí dlíthe chuige sin.

Achomhairc chuig an gCúirt Uachtarach

Sa ghnáthchúrsa, beidh breith na Cúirte Achomhairc ina breith chríochnaitheach. I roinnt cásanna, déanfar achomharc chuig an gCúirt Uachtarach ón gCúirt Achomhairc agus féadfaidh roinnt achomharc bheith ann a chuirfidh an Ard-Chúirt faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí go díreach.

I gcás go rithfear an reifreann seo:

- Éistfidh an Chúirt Uachtarach achomhairc ón gCúirt Achomhairc i gcás go measfaidh an Chúirt Uachtarach:
  - go bhfuil leas an phobail i gceist leis an mbreith nó
  - go bhfuil leas an cheartais i gceist leis an achomharc.
- Éistfidh an Chúirt Uachtarach achomhairc a chuirfidh an Ard-Chúirt ar aghaidh chuici go díreach i gcás go measfaidh sí go bhfuil cúinsí eisceachtúla i gceist a thacódh le hachomharc díreach chuici. Beidh ar an gCúirt Uachtarach bheith deimhin de:
  - go bhfuil leas an phobail ag baint leis an mbreith agus/nó
  - go bhfuil leas an cheartais ag baint leis an achomharc sin.

Achomhairc atá fós le héisteacht

Cuirfear forálacha eile san áireamh i moladh an reifrinn a bhaineann lena dtarlaíonn d'achomhairc a bhfuil an córas cúirteanna ag déanamh plé leo cheana tráth a mbunófar an Chúirt Achomhairc. De ghnáth, eiseoidh an Chúirt Uachtarach treoracha maidir leis na hachomhairc sin a fhéadfaidh an Chúirt Achomhairc a éisteacht.

Cúirt Achomhairc a Bhunú

I gcás go rithfear an reifreann, beidh ar an Oireachtas, chomh luath agus is féidir, dlí a rith chun an Chúirt Achomhairc a bhunú. Déanfar foráil leis an dlí sin, i measc rudaí eile, don dáta a mbunófar an Chúirt Achomhairc.

Féadfaidh an dlí seo nó dlíthe eile a dhéanfar amach anseo foráil do nithe éagsúla eile lena n-áirítear:

- achomhairc chuig an gCúirt Achomhairc ó chúirteanna eile seachas an Ard-Chúirt
- an Chúirt Achomhairc Choiriúil a chuimsiú sa Chúirt Achomhairc nua
- ceapadh breithiúna chun na Cúirte Achomhairc.

Éistfidh an Chúirt Achomhairc cásanna maidir le dlí a bheith ina dhlí bunreachtúil nó gan a bheith. Ní bheidh aon dlíthe a rithfear in ann srian a chur leis seo.

Riail an aon bhreithiúnais amháin

Is gá ar a laghad cúigear breithiúna a bheith ag suí sa Chúirt Uachtarach tráth a bhfuil breith á tabhairt an bhfuil dlí a rith an tOireachtas ina dhlí bunreachtúil nó nach bhfuil. Faoi láthair, sonraítear sa Bhunreacht go dtagann breith na Cúirte Uachtaraí sna cásanna seo ó bhreitheamh amháin. Ní fios ar easaontaigh aon duine de na breithiúna eile leis an mbreith nó cén fáth atá leis sin.

I gcás go rithfear an reifreann seo:

- Bainfear an riail seo, nach féidir ach le breitheamh amháin an bhreith a thabhairt sna cásanna seo. Ansin beidh gach breitheamh in ann a thuairim nó a tuairim a chur in iúl.

Sula gcuireann an tUachtarán a lámh le Bille, féadfaidh sé nó sí an Bille a tharchur chuig an gCúirt Uachtarach ionas go gcinnfí cibé an bhfuil sé bunreachtúil nó nach bhfuil. Níltear ag iarraidh, i moladh an reifrinn seo, é sin a athrú. Sna cásanna sin cuirfidh aon bhreitheamh amháin an bhreith sin in iúl.

Braitheann sé ar do vóta

referendum2013.ie